# Seicliosta Treoirghairme

## 10 rud le déanamh anois chun ullmhú do do ghairm le Gaeilge

1. SaolOibre: Cláraigh le www.saoloibre.ie agus líon an tástáil próifíle saor in aisce. Gheobhaidh tú tuairisc chuimsitheach ar d'inniúlachtaí agus ar do shuimeanna gairme, chomh maith le moltaí maidir le cúrsaí agus gairmeacha a d'oirfeadh duitse. Aimsigh cúrsaí a bhfuil Gaeilge Ardleibhéal mar riachtanas iontrála dóibh nó a bhfuil leibhéal suntasach Gaeilge le fáil in ábhar an chúrsa.
2. Léigh an leabhrán Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge (COGG) ar líne.
3. Féach ar an tsraith físeán 'Mo Ghairm le Gaeilge' (Grad Ireland) chun léargas a fháil ar na gairmeacha éagsúla le Gaeilge.
4. Déan coinne leis an gcomhairleoir treorach i do scoil.
5. Faigh taithí oibre a réitíonn leis na torthaí tástála a fuair tú ó www.saoloibre.ie agus cuir isteach ar an gComórtas Náisiúnta Scileanna Gairme.
6. Freastail ar Aonach na nGairmeacha agus ar laethanta oscailte na gcoláistí. Coinnigh súil ar fhéilire na n-imeachtaí gairme chun dátaí na laethanta oscailte a aimsiú.
7. Bí gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge i do cheantar féin! Déan obair dheonach ar son na Gaeilge nó bí i do bhall den eagraíocht Ghaeilge áitiúil – cuirfidh sé go mór le do CV.
8. Scéim Chónaithe: Faigh an fhoirm iarratais ar líne nó déan teagmháil leis an ollscoil. Bí cinnte go bhfuil an spriocdháta ar eolas agat, agus go bhfaigheann tú comhairle agus tú ag ullmhú don agallamh.
9. Pointí CAO nó an Próiseas Iontrála do Chúrsaí Breisoideachais/Phrintíseachtaí: Cibé conair a roghnaíonn tú, bí cinnte go dtuigeann tú na riachtanais iontrála.
   www.CAO.ie
   www.plccourses.ie
   www.nto.ie
   https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/oiliuint/deiseanna-sceim-na-bprintiseach/
   www.fetchcourses.ie
10. Cláraigh le www.peig.ie agus féach ar na folúntais atá ann.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

saoloibre.ie

peig.ie



# Seicliosta Treoirghairme













Leabhrán Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge (COGG):

www.saoloibre.ie

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Arna fhoilsiú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2023